



Imlitir Bun 14/04

Chuig Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta

Eagair maidir le Cruinnithe um Thuismitheoir/Oide agus um Fhoireann Teagaisc sa Scoilbhliain 2004/05

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta bunscoileanna na dualgais maidir le cruinnithe foirne a aontaíodh faoi théarmaí an Chomhaontaithe um Pháirtíocht Shóisialta 2003-2005 dar teideal *Sustaining Progress* agus an t-aontú ar chruinnithe um Thuismitheoir/Oide a socraíodh de thoradh moltaí ón mBord Eadrána Oidí. Cuirfear na heagair seo i bhfeidhm sa scoilbhliain 2004/2005.

1. Cruinnithe Foirne

Maidir le cruinniú foirne amháin in aghaidh an téarma, déanfaidh gach bunscoil forálacha chun tréimhse a dháileadh in am scoile a bheidh coibhéseach leis an am a chuirfear in áirithe tar éis scoile.

(Mar shampla: cruinniú foirne ar feadh dhá uair an chloig a rinneadh a thionól roimhe seo in am scoile, ba chóir uair amháin den chruinniú sin a thionól in am scoile agus uair amháin tar éis gnáth-am scoile)

2. Cruinnithe um Thuismitheoir/Oide

De bhrí go bhfuil difríochtaí ann idir na hearnálacha iarbhuoideachais agus na hearnálacha buuoideachais, ní mór struchtúir éagsúla a eagrú do na cruinnithe um Thuismitheoir/Oide san earnáil bhunoideachais agus na cruinnithe san earnáil iarbhuoideachais. Ar na difríochtaí i gceist áirítear aois na leanaí, an tslí a thagann tuismitheoirí chuig bunscoileanna agus nach mbíonn ach oide amháin i bhfeighil an pháiste sa bhunscoil.

Ag cur cúinsí na leanaí, ar an iomlán, ag an mbunleibhéal san áireamh:

1. Maidir leis na dreamanna i gceist, tuigtear agus glactar leis go mba chóir go mbeadh an chaoi ag tuismitheoir cruinniú foirmiúil a bheith aige/aice leis an oide ag am oiriúnach agus áisiúil. Mura féidir a leithéid de chruinniú a éascú ag an chruinniú foirmiúil um thuismitheoir/oide, déanfar coinne oiriúnach áisiúil a thairiscint don tuismitheoir
2. Tionólfar cruinniú foirmiúil amháin un thuismitheoir/oide i ngach scoilbhliain i ngach bunscoil. Tosóidh an cruinniú sin de ghnáth ag 3.15 pm agus críochnóidh sé ag 5.45 pm mura mbheidh amanna eile socraithe i measc na dreamanna ábhartha. Dála an scéil, ní tionólfar an cruinniú um thuismitheoir/oide le linn na tréimhse teagaisc sa scoil. Dúnfar an scoil 15 nóiméad roimh gnáth-am dúnta na scoile ar lá an chruinnithe fhoirmiúil um thuismitheoir/oide.

Féadfar aon fhiosrúcháin maidir leis an eolas sa chiorclán seo a sheoladh chuig an Rannóg Riaracháin Bunoideachais 2, Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Atha Luain, Co na hIarmhí. Teileafón (090) 6483721, 6483722, 6483723, 6483724.

Tá fail ar an imlitir freisin, ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag www.education.ie

Iarrtar ort cóip den Imlitir seo a sholáthar do gach ball ar an mBord Bainistíochta

Seán Ó Breacáin
Príomh Oifigeach
Deireadh Fómhair 2004